








An tÚdarás um Ard-Oideachas

2018-2022

DRÉACHT-Phlean Straitéiseach






# CLÁR

<b>I.</b>	Réamhrá	2
<b>II.</b>	Cúram	3
<b>III.</b>	Comhthéacs	4
<b>IV.</b>	Fís	9
<b>V.</b>	Prionsabail	10
<b>VI.</b>	Misean	11
<b>VII.</b>	Téamaí Straitéiseacha an Údaráis um Ard-Oideachas (ÚAO) 2018-2022	12
<b>VIII.</b>	Cumasóirí Criticiúla Seachtracha	16
<b>IX.</b>	Tosaíochtaí Straitéiseacha	17
<b>X.</b>	Faireachán a dhéanamh ar Chur i bhFeidhm na Straitéise	32

# I. RÉAMHRÁ



Tá an t-oideachas, agus an t-ard-oideachas á áireamh mar chuid de, lárnach do rathúnas agus do dhul chun cinn na hÉireann. Ullmhaíonn sé daoine don ionad oibre, cabhraíonn sé leo a n-acmhainneacht a bhaint amach agus forbairt mar shaoránaigh dhomhanda: ar

nithe iad sin a rannchuidíonn leis an tsochaí agus le caipiteal cultúir a spreagadh. Ina theannta sin, fónann an t-ard-oideachas in Éirinn mar *locus* le haghaidh taighde poiblí agus, dá bhrí sin, tacaíonn sé le taighde a théann i ngleic le saincheisteanna sochaíocha amhail athrú aeráide, combhionannas deiseanna agus daonra atá ag dul in aois. Tá na hinstiúidí ard-oideachais ina moill thábhachtacha ar fud na hÉireann i leith forbairt agus nuálaíocht réigiúnach.

Tá an luach a chuirtear i leith an ard-oideachais le brath i rátaí gnóthachtála oideachais na hÉireann. Má bhíonn ardchéim oideachais ag duine laghdaítear an seans go mbeidh an duine lena mbaineann dífhostaithe (i Ráithe 4 2017, ba é a bhí sa ráta dífhostaíochta i measc céimithe a raibh céim onórach tríú leibhéal ar a laghad acu ná 3.3% i gcomparáid leis an meán náisiúnta 6.7%), agus faigheann céimithe tríú leibhéal tuarastail níos airde nuair a fhaigheann siad fostaíocht. Rannchuidíonn ár gcuid instiúidí leis an tsochaí shibhialta tríd an oideachas cuimsitheach a fhaigheann siad agus tríd an ról a bhíonn acu i ndéileáil le héagothroime shóisialta agus i dtaighde a chur chun cinn in éineacht le comhpháirtithe pobail seachas ar a son. Tá tallann ina gné thar a bheith tábhachtach dár mbuntáiste iomaíoch idirnáisiúnta agus feabhsaíonn ár gcumas taighde phoiblí ár dtarraingteacht i measc mic léinn idirnáisiúnta, taighdeoirí, gnólachtaí agus fiontraithe.


Tá na hinstiúidí ina gcuid dhílis de chóras oideachais na hÉireann i gcoitinne. Is trí gach cuid den chóras a chur ag feidhmiú go comhtháite le chéile, agus ar an tslí sin amháin, is féidir linn an deis is fearr agus is féidir chun dul chun cinn a dhéanamh a chur ar fáil do mhic léinn. Mar thoradh ar an dlúthchaidreamh idir breis-oideachas agus ard-oideachas, uasmhéadófar na deiseanna a bheidh ann do mhic léinn iar-mheánscoile in Éirinn. Trí thacaíocht fheabhsaithe agus trí shoiléire a chur ar fáil maidir leis na roghanna atá ann ó thaobh an aistrithe ón scoil chuig an ard-oideachas, cabhrófar le daoine an rud is fearr a oireann dóibh a roghnú agus cabróidh sé leo an rogha a dhéanann siad a chur i gcrích. Féadfaidh an taighde a dhéantar sa réimse ard-oideachais fónamh mar uirlisí oideachais do scoileanna ar fud na tíre. Soláthróidh úsáid mhéadaithe na teicneolaíochta tuilleadh roghanna agus fágfaidh sé go mbeidh sé níos fusa do dhaoine rochtain a fháil ar ard-oideachas aon áit a bhfuil siad lonnaithe agus ag gach céim dá saol. Tá ráta na foghlama ar feadh an tsaoil go mór níos ísle ná an meán san Aontas Eorpach agus is suntasaí fós an ráta sin i measc daoine atá i bhfostaíocht.

Sna cúig bliana atá romhainn tiocfaidh athruithe móra ar an tír seo agus ar an gcuid eile den domhan. Is é atá i misean ÚAO ná cabhrú leis an gcóras ard-oideachais a bhealach a dhéanamh trí na blianta atá romhainn trí fhormhaoirseacht a dhéanamh ar a fheidhmíocht agus trí maoiniúchán a leithroinnt a spreagann sármhaitheas agus a thugann luach ar airgead. Tacóidh sé le forbairt an chórais de réir na gcuspóirí náisiúnta eacnamaíochta agus sochaíocha atá ann agus de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta.

**Michael Horgan**

*Cathaoirleach/Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*  
An tÚdarás um Ard-Oideachas

## II. CÚRAM



Tá cúram ÚAO leagtha amach in Acht an Údaráis um Ard-Oideachas 1971 mar a leanas:

- A Forbairt ard-oideachais a chur ar aghaidh;
- B Cabhrú le hinfheistíocht Stáit in ard-oideachas a chomhordú agus tograí i leith na hinfheistíochta sin a ullmhú;
- C Tuiscint a chur chun cinn i leith an fhiúntais a bhaineann le hard-oideachas agus le taighde;
- D Dlús a chur le comhdheiseanna a bheith ann ar ard-oideachas;
- E Dlús a chur le comhdhéanamh ard-oideachais a dhaonfhlathú.

# III. COMHTHÉACS



## An timpeallacht ard-oideachais in Éirinn sa lá atá inniu ann

### An comhthéacs oibríochtúil

Tar éis tréimhse beagnach deich mbliana de chúlú eacnamaíochta, tá feidhmíocht eacnamaíochta na hÉireann ag tarraingt ar staid chobhsaíochta agus tá laghdú tagtha ar an dífhostaíocht go dtí 6%. Trí fhorbairt a dhéanamh ar mhúnla inbhuanaithe don réimse ard-oideachais in Éireann cabhrófar leis tacú le forbairt réigiúnach chothromaithe na hÉireann agus le hiomaíochas idirnáisiúnta amach anseo.

Tá mórathrú ag teacht ar thimpeallacht ard-oideachais na hÉireann freisin. Tá an próiseas athraithe timpeallachta ar cuireadh tús leis faoi shean-Phlean Straitéiseach ÚAO faoi lánseol anois. Tá athstruchtúrú na 19 soláthróir oideachais tosaigh múinteoirí ina sé ghrúpa beagnach críochnaithe. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar fud na tíre ag roinnt Institiúidí Teicneolaíochta i dtreo stádas Ollscoile Teicneolaíochta agus táthar ag súil le dul chun cinn mór a dhéanamh i rith ré an Phlean seo. Rinneadh an chéad iarratas ar ainmniúchán mar Ollscoil Teicneolaíochta faoin Acht nua dar teideal Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018, a thíolacadh ar an 27 Aibreán 2018.



Agus tús á chur leis an bPlean seo, léiríonn léargas ar an earnáil go bhfuil os cionn 225,000 mac léinn (idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha) rollaithe ar fud na hÉireann. Tá ceathrar mac léinn as gach cúigear ag gabháil do staidéar lánaimseartha agus tá ardleibhéal sástachta ann i measc mic léinn Éireannacha i leith a n-eispéiris oideachais, rud is léir i Suirbhé 2016 na hÉireann ar Rannpháirtíocht Mac Léinn. Tá 82% díobh ag gabháil do chúrsaí fochéime agus tá 18% díobh ag gabháil do chúrsaí iarchéime. Ó thaobh cúrsaí inscne de, tá líon na mban agus líon na bhfear beagnach comhionann lena chéile. Tagann thart ar an gceathrú cuid de na céimithe ó chúrsaí STEM. Tá os cionn 15,000 mac léinn idirnáisiúnta ann, mar aon le beagnach 10,000 mac

léinn taighde a bhfuil a bhformhór díobh ag staidéar ar leibhéal dochtúireachta. Tá tionscadail chomhoibríochta ar siúl le comhpháirtithe fiontraíochta agus pobail. Tá rath ar thaighde idirnáisiúnta na hÉireann i gcónaí agus, go dtí seo, tá os cionn €0.32bn faighte ag ár gcuid institiúidí ó Horizon 2020. D'fhéadfadh sé go bhfuil an chuma ar an gcóras go bhfuil sé athléimneach d'ainneoin na srianta atá ann ó thaobh cúrsaí acmhainní de ach, le fírinne, bíonn ar institiúidí cinntí deacra a dhéanamh maidir le tosaíochtaí agus tá imní ann go bhfuil an córas ag glacadh le níos mó rioscaí ná mar atá inmhianaithe. Tosaíocht don chóras i rith ré an chéad Phlean Straitéisigh eile is ea staid inbhuanaithe airgeadais a bhaint amach.

### An comhthéacs beartais

Tá cobhsaíocht na n-institiúidí tábhachtach i dtaca le rath a bheith ar raon beartas Rialtais. Cuireann fíis na Straitéise Náisiúnta don Ard-Oideachas go dtí 2030 an earnáil i gcroílár fhorbairt na hÉireann: ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, cultúir agus sochaí de. Aithníonn sí an gá le hinstitiúidí láidre neamhspleácha. Mar an gcéanna, déanann sí ceangal idir neamhspleáchas agus cuntasacht agus tá spreagadh á thabhairt ina leith sin trí na comhaontuithe feidhmíochta agus trí phróiseas an Idirphlé Straitéisigh idir ÚAO agus na hinstitiúidí. Sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas, breithnítear an córas oideachais ina iomláine agus tá sé mar aidhm aige an córas oideachais agus oiliúna is fearr dá bhfuil ann san Eoraip a chur ar fáil d'Éirinn. Ar bhonn idirnáisiúnta, tá clár oibre 'Eolaíocht Oscailte' agus buiséad 2021-2027 an Aontais Eorpaigh i measc na bhforbairtí tábhachtacha straitéiseacha atá ann. Cuireann

Spríocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe uailmhianta comhroinnte domhanda in iúl i dtaca le raon saincheistean amhail comhionannas inscne agus obair chuibhiúil agus fás eacnamaíochta. Chun an méid sin a bhaint amach, ní mór cuid mhór snáitheanna comhchoiteanna de chuid mhisean na hearnála oideachais a tharraingt le chéile, lena n-áirítear leanúint de bhearta a chur i bhfeidhm chun eispéireas na mac léinn a fheabhsú, cabhrú le grúpaí tearc-ionadaíochta, taighde sármaith agus taighdeoirí sármaith a chothú, agus leanúint de chaidreamh a bhunú idir an réimse oideachais agus an pobal i gcoitinne.

Tá sé riachtanach go mbeidh caidreamh seachtrach den sórt sin ann. I gcuid mhór straitéisí de chuid an Rialtais, leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le caidreamh idir réimsí an ard-oideachais agus na fiontraíochta, mar shampla, Straitéis Náisiúnta Scileanna na hÉireann 2025, Fiontraíocht 2025, Nuálaíocht 2020 agus an Ráiteas Náisiúnta maidir le Fiontraíocht. Ní bhíonn fiontar teoranta do ghnó: ina theannta sin, cuimsíonn sé eagraíochtaí de chuid na sochaí cathartha agus an earnáil dheonach mar gheallsealbhóirí tábhachtacha dá chuid. Ina theannta sin, tá institiúidí ard-oideachais ag plé, ar bhonn seachtrach, le dreamanna seachtracha tábhachtacha eile: mar shampla, faoi choimirce an Phlean Náisiúnta um Chothromas Teachta ar Ardoideachais, 2015-2019.

## Agus an chuma a d'fhéadfadh a bheith uirthi sa todhchaí

Is é atá i bhfís an Phlean Gníomhaíochta don Oideachas ná go mbeidh an córas oideachais agus oiliúna is fearr de chuid na hEorpa ag Éirinn i gceann deich mbliana. Chun an méid sin a bhaint amach tá gá le tuiscint ar cad a d'fhéadfadh a bheith i gceist san am atá le teacht. Agus cé go bhfuil cuid mhór nithe éiginnte éagobhsaí ann, tá roinnt mórthreochtaí domhanda ann a bhfuil comhaontú forleathan ann ina leith agus nach mór d'Éirinn a bheidh ullamh dóibh.



I Straitéis Náisiúnta Scileanna na hÉireann 2025, sainnithnítear treochtaí atá i gcomhréir lena bhfuil tuartha ag OECD agus ag an Aontas Eorpach. Tá méadú ag teacht ar dhaonra an domhain i gcónaí agus tá pátrúin ag athrú. Tá na Náisiún Aontaithe ag tuar go dtiocfaidh méadú ar an daonra go 9.7bn faoin mbliain 2050 agus go dtarlóidh an leathchuid den mhéadú san Afraic. In Éirinn, tá méadú níos mó ná milliún tagtha ar ár ndaonra ó bhí an bhliain 1990 ann agus táthar ag ceapadh go sroichfidh an daonra 5.8m faoin mbliain 2050. Tá an cion daoine óga is airde san Aontas Eorpach againn agus, chomh maith linn, tá cuid shuntasach den daonra ag dul in aois. Tá uirbiú ag leanúint ar aghaidh go tapa: faoin mbliain 2050, beidh cónaí ar thart ar 70% de dhaonra an domhain i gcathracha, beidh teaghlaigh níos lú agus mairfidh daoine níos faide. Ní mór athruithe déimeagrafacha den sórt sin a bhainistiú go cúramach i gcomhthéacs na ndúshlán mór domhanda amhail athrú aeráide. Ina theannta sin spreagann an tóir ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar shlándáil fuinnimh dinimic athraitheacha geopholaitíochta. I gcás gach uile dhuine ar fud an domhain, tá an teicneolaíocht ag cur athrú bunúsach ar an tslí ina mairimid, ina n-oibrímid agus ina bhfoghlaímimid.

Maidir le leagan amach an ard-oideachais in Éirinn, tiocfaidh athrú air – agus, go deimhin, nó mór go dtiocfaidh athrú air – chun léiriú a thabhairt ar an timpeallacht sin. Beidh freagrúlacht an chórais tábhachtach i dtaca leis an rath a bheidh air agus i dtaca le méid a rannchuidithe le fás shochaí agus eacnamaíochta na hÉireann amach anseo. Ar ndóigh, leanfaidh na mic léinn de bheith i gcróilár na bhforbairtí amach anseo. Tiocfaidh athrú ar chomhdhéanamh an phobail mac léinn agus beidh athrú chuig líon níos airde daoine a ghlacann páirt i bhfoghlaím ar feadh an tsaoil, is cuma cé acu atá siad, nó nach bhfuil, ag obair.



Le go mbeidh rannpháirtíocht den sórt sin ann, ní mór ionchas na mac léinn i leith an méid a ghnóthóidh siad tríd an ard-oideachas a léiriú ina gcuid eispéireas ar an láthair. I Straitéis Náisiúnta Scileanna na hÉireann, sainithnítear na riachtanais maidir le scileanna sa todhchaí, lena n-áirítear scileanna Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), teangacha agus fiontraíochta agus croí-thras-scileanna amhail cumarsáid, nuálaíocht agus smaointeoireacht chriticiúil. Tabharfar tacaíocht do mhic léinn freisin chun forbairt a dhéanamh mar shaoránaigh dea-oilte trí dheiseanna a chur ar fáil chun bheith páirteach sa tsochaí chathartha agus chun taithí a fháil ar chultúir iasachta. Beidh oiliúint fostaíochta iomchuí, trí bhíthin socrúchán, tábhachtach i leith céimithe atá réidh chun dul isteach i bhfostaíocht a ullmhú.

Beidh ról thar a bheith tábhachtach ag an teicneolaíocht i dtaca leis na nithe a fhoghlaimíonn mic léinn, i dtaca le conas a fhoghlaimíonn siad agus i dtaca le cén áit a bhfoghlaimíonn siad. Mar fhorbairtí amhail sonraí móra, feistí cliste agus cibearshlándáil, níl litearthacht teicneolaíochta teoranta do chúrsaí foghlama teicneolaíochta a thuilleadh. Tá sí ina dlúthchuid de gach rud a dhéanaimid agus, dá bhrí sin, tá sí le brath sa raon iomlán disciplíní. Agus is dóigh go dtarlóidh méadú ar STEAM: is é sin, méadú a dhéanamh ar chomhtháthú na nEalaíon le hábhar STEM i gcomhréir leis an domhan ina mairimid ar domhan é atá ag éirí níos casta ná riamh. Beidh ról leathnaithe ag athrú digiteach freisin maidir le réimsí amhail an tslí agus an áit ina soláthraítear cúrsaí ard-oideachais, an tslí ina ndéantar faireachán ar rathúlacht mac léinn, agus an tslí ina bhfaightear rochtain oscailte fhoilseacháin agus ar shonraí ard-oideachais agus taighde.

Tá caighdeán na múinteoireachta a sholáthraítear ina ghné riachtanach den eispéireas oideachais i gcónaí agus, dá bhrí sin, de na torthaí a bhaineann mic léinn amach. Rachaidh oideoirí i mbun forbairt ghairmiúil leanúnach atá bunaithe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta. Maidir le gníomhaíocht taighde sna hinstiúidí, cuirfear feabhas ar an gcóimheá idir taighde bunúsach agus taighde de chineál níos feidhmí, idir riachtanais na sochaí agus, chomh maith leis sin, idir spreagthóirí eacnamaíochta agus sa phunann infheistíochtaí i dtaighde poiblí i measc na ndisciplíní agus i measc iarrachtaí de chineál mórskála agus de chineál níos indibhidiúla. Agus, gach tráth, díreofar ar shármhaitheas agus ar bhreisluach. Saibhreoidh taighde caighdeán na múinteoireachta freisin trí dheardh cúrsaí cothrom le dáta, trí oideoirí eolasacha agus trí rochtain a bheith ag mic léinn ar eispéireas an taighde. Beidh cabhair ar fáil ina leith sin ó na droichid a thógfar idir an réimse ard-oideachais agus réimse na fiontraíochta (mar shampla, cuideachtaí móra ilnáisiúnta agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide, chomh maith le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha) ar fud na tíre. Ina theannta sin, tacófar le cultúr cruthaitheach fiontraíoch a chothú ar champais.

Ar ndóigh, tá an léargas seo ar an todhchaí ag brath ar roinnt nithe éagsúla. Is é atá sa cheann is follasaí de na nithe sin ná inbhuanaitheacht na hearnála agus beidh dul chun cinn ina leith sin ina ábhar tosaíochta le linn ré an Phlean seo. Leanfaidh ÚAO de thacaíocht a thabhairt don Roinn Oideachais agus Scileanna a mhéid a bhaineann leis an bpróiseas buiséadach sa réimse seo. I dtaca leis sin de, beidh infheistíocht chaipitiúil ina cumasóir tábhachtach i leith córas ard-oideachais atá freagrúil i ndáil le riachtanais na mac léinn, atá iomaíoch ó thaobh gnóthaí idirnáisiúnta de, agus a sholáthraíonn eispéireas ardchaighdeán do na mic léinn a bhfuil a líon ag éirí níos airde ná riamh. Sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027, tugtar le fios go gcuirfear leis an infheistíocht chaipitiúil Stáchtiste sna deich mbliana atá romhainn.

Mar fhorlónadh air sin, cuirfear feabhas ar rialachas institiúideach agus beidh Creat nua Feidhmíochta an Chórais Ard-Oideachais 2018-2020 ann. Beidh cabhair le fáil freisin ó bhailiú sonraí feabhsaithe. Cuirfidh lucht ceannaireachta na n-institiúidí an obair seo ar aghaidh agus tá ÚAO ag tnúth le bheith ag obair go dlúth le ceannairí na n-institiúidí chun an clár comhroinnte oibre seo a chur chun cinn.



## Acmhainneacht an réimse ard-oideachais maidir le sochaí agus geilleagar na hÉireann a athrú ó bhonn

Tá os cionn 225,000 mac léinn rollaithe sa réimse ard-oideachais sa lá atá inniu ann, agus léiríonn an líon sin an dul chun cinn atá déanta ag réimse an ard-oideachais in Éirinn le caoga bliain anuas: sa bhliain 1965, ní raibh ach an deichiú cuid den líon sin rollaithe. Tá glúin daoine in Éirinn tar éis páirt a ghlacadh san ard-oideachas den chéad uair agus, dá bharr sin, tá múnú déanta ar a bhforbairt mar dhaoine aonair agus ar a rathúnas agus, chomh maith leis sin, tá múnú déanta dá bharr ar fhás eacnamaíochta agus sochaíoch i gcoitinne.

Múnúidh forbairtí domhanda polaitíochta atá tar éis tarlú le déanaí a lán codanna de shaol daoine ar feadh na mblianta atá romhainn agus déanfar difear don réimse ard-oideachais mar chuid de sin. Mar shampla, déanfar faireachán géar ar an margadh oideachais idirnáisiúnta chun a fháil amach cén tionchar atá ag Brexit. Tá dúshlán á thabhairt ag roinnt daoine i leith luach an tsaineolais agus i leith fíoras eolaíochta. D'fhéadfadh sé go ndéanfaidh sé sin difear do chlár mhaoinithe taighde AE, i dtaca le leibhéil na mbuiséad agus i dtaca leis an mbéim ar thaighde.

Ní nach ionadh, tá ábhar imní ann i measc cuid mhór daoine faoi na hiarmhairtí a bheidh aige sin ar Éirinn. Fágann geilleagar beag oscailte na hÉireann gur féidir le himeachtaí agus athruithe domhanda difear a dhéanamh dó. Tá sé riachtanach go mbainimid leas as ár gcuid láidreachtaí mar náisiún agus go ndéanfaimid ár riocht is láidre a shainiú i ndomhan atá ag athrú go tapa. **Cé go bhfuil rioscaí ann i leith maoiniúchán poiblí don réimse ard-oideachais, tá an earnáil thar a bheith tábhachtach i dtaca le rath na hÉireann amach anseo.** Beidh ról cinniúnach aici i ndáil le forbairt, mealladh agus coinneáil daoine tallannacha. Tá córas cobhsaí inbhuanaithe ard-oideachais riachtanach i dtaca le dul i ngleic le dúshlán agus i dtaca le deiseanna spreagúla nua a chruthú don tír seo.

## Ról ÚAO maidir le 'bealach tríd an todhchaí a cheapadh' do réimse ard-oideachais na hÉireann

Dála an Phlean Straitéisigh a bhí ann roimhe seo, beidh na mic léinn i gcroílár ár gcuispóirí agus ár ngníomhaíochtaí. I rith ré an Phlean seo, tiocfaidh athrú ar an sainiú i leith cé hiad na mic léinn sin agus i leith na slí is fearr inar féidir leo foghlaim a dhéanamh i rith a saoil. Oibreoidh ÚAO chun a chinntiú go dtugtar éisteacht do ghuth na mac léinn agus go bhfreastalaíonn an córas ar a riachtanais.

Beidh treo beartais an chórais bunaithe i gcónaí ar an Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas go dtí 2030. Déanfar é a thabhairt ar aghaidh de réir an Chreata maidir le Feidhmíocht an Chórais Ard-Oideachais 2018-2020 a gcuimsítear an méid seo a leanas sna haidhmeanna a bhaineann leis:

- 1 Sruth tréan daoine tallannacha atá eolasach, oilte agus infhostaithe a sholáthar ar sruth é a fhreagraíonn go héifeachtach do riachtanais ár n-earnálacha fiontraíochta, seirbhíse poiblí agus pobail, ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn réigiúnach araon, agus a choimeádann ceannaireacht Éireannach ar bun i dtaca le hinfhaighteacht scileanna de.
- 2 Deiseanna maithe a chruthú le haghaidh rannpháirtíochta ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, rud a chuireann feabhas ar an timpeallacht foghlama agus a sholáthraíonn nasc láidir leis an earnáil fiontraíochta agus leis an bpobal i gcoitinne.

- 
- 3 Taighde, forbairt agus nuálaíocht de chineál sármaith agus ábharthacht ag gabháil leo; caidreamh méadaitheach le comhpháirtithe seachtracha agus tionchar méadaitheach ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí, agus ár seasamh a neartú le gur féidir linn ról a bheith againn mar Cheannaire Nuálaíochta san Eoraip.

---

  - 4 Feabhas suntasach a chur ar chomhionannas deiseanna trí oideachas agus oiliúint agus mic léinn a mhealladh a léiríonn ilchineálacht agus meascán sóisialta dhaonra na hÉireann.

---

  - 5 Feabhas comhsheasmhach a léiriú i dtaca le caighdeán na timpeallachta foghlama agus aird ar leith á tabhairt ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta trí bhéim mhór a leagan ar cháilíocht agus ar shármhaitheas acadúil.

---

  - 6 Feabhas comhsheasmhach a léiriú i dtaca le rialachas, ceannaireacht agus sármhaitheas oibríochtúil.
- 

Uasmhéadú a dhéanamh ar a rannchuidiú leis an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas agus le straitéisí iomchuí eile de chuid an Rialtais. Déanfaidh ÚAO forbairt straitéiseach an chórais a stiúradh tríd an gCreat nua maidir le Feidhmíocht an Chórais Ard-Oideachais 2018-2020. Leanfaidh sé den obair a tosaíodh faoin bPlean roimhe seo i ndáil le comhaontuithe institiúideacha maidir le feidhmíocht, agus den obair a rinneadh faoi phróiseas an Idirphlé Straitéisigh, agus daingneofar an obair sin. Beidh sé cuntasach don Aire Oideachais agus Scileanna maidir le torthaí córais a bhaint amach.

Trína ról lárnach formhaoirseachta, leanfaidh sé dá fheidhm rialála a chur i gcrích agus oibreoidh sé chun feabhas a chur ar rialachas institiúideach agus ar chuntasacht ar fud an chórais. Tá féinriail rialáilte den sórt sin lárnach don mhuintín atá ag an bpobal as na hinstitiúidí. Is coinníoll riachtanach í freisin maidir le hinfheistíocht mhéadaithe iontu, cibé acu infheistíocht phoiblí nó infheistíocht phríobháideach. Oibreoidh ÚAO leis an earnáil agus leis na geallsealbhóirí maidir le saincheist bhunúsach na hinbhuanaitheachta.

Beidh ról ceannais aige i bhforbairt an chórais le go mbeidh rogha chomhtháite ar fáil ó thaobh institiúidí idirghaolmhara. Déanfar tuilleadh dul chun cinn maidir le hathchóiriú timpeallachta agus maidir leis an ngaolmhaireacht idir ard-oideachas, breisoideachas agus soláthróirí eile ar fud na réigiún. Beidh ÚAO ar thús cadhnaíochta maidir le héiceachóras ard-oideachais agus taighde de chineál níos cothromaithe a chur chun cinn agus éascóidh sé comhordú cur chuige náisiúnta i leith an bheartais ar ard-oideachas agus ar thaighde a chur i bhfeidhm.



Leanfaidh ÚAO den ard-oideachas a chur chun cinn, de réir mar is cuí, agus de luach an ard-oideachais a chur ar aghaidh in Éirinn agus thar lear. Beidh acmhainneacht na heagraíochta i dtaca le faisnéis a bhailiú, idir chainníochtúil agus cháilíochtúil, tábhachtach maidir le rath sa réimse seo. Beidh bonn daingean saibhir fianaise ann mar thaca don chomhairle bheartais a thabharfar don Aire, feabhsóidh sé an dóigh ina gcuirtear an earnáil in iúl – ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn idirnáisiúnta – agus cumasóidh sé do ÚAO tacú le gach institiúid ar leith agus iad ag déileáil le dúshlán na todhcháí.

## IV. FÍS



Sa bhliain 2022, beidh formhaoirseacht á déanamh, agus treorú á dhéanamh, ag ÚAO ar chóras ard-oideachais na hÉireann, ar córas é:

- 
- » A bhfuil torthaí sármhaithe nuálacha á mbaint amach aige;
- 
- » Atá inrochtana, inbhuanaithe, féinrialaitheach agus cuntasach;
- 
- » A oireann dá chuspóir, agus a dhéanann gaisce chun uailmhianta náisiúnta a bhaint amach – agus a shárú: ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, sochaí agus cultúir de;
- 
- » A bhfuil naisc aige ar fud an domhain agus a bhfuil iomrá idirnáisiúnta air maidir leis an taithí a chuireann sé ar fáil do mhic léinn agus maidir leis na torthaí a bhaineann sí amach agus, ag an am céanna, éagsúlacht luachmhar institiúideach a chosaint.
-

# V. PRIONSABAIL



Le linn do ÚAO a chuid iarrachtaí foriomlána a dhéanamh chun an t-eispéireas is fearr agus is féidir do mhic léinn agus an córas taighde phoiblí is fearr agus is féidir a chur ar fáil, déanfaidh sé – go himheánach agus go seachtrach – treoir a ghlacadh ina chuid gníomhaíochtaí ó na prionsabail seo a leanas:

- » Comhairliúchán agus rannpháirtíocht;
- » Oscailteacht agus éifeachtacht le linn feabhsú leanúnach a shaothrú;
- » Cothroime agus oibiachtúlacht;
- » Comhionannas agus uilechuimsitheacht;
- » Cuntasacht agus trédhearcacht;
- » Fianaise-bhunaithe agus torthaí-bhunaithe;
- » Urraim d'fhéinriail institiúideach – agus, ag an am céanna, institiúidí a bheith cuntasach i leith ardfheidhmíochta.

# VI. MISEAN



Is é misean ÚAO:

- 1 Formhaoirseacht a dhéanamh** ar fheidhmíocht na hearnála trí chothromaíocht chóir a bheith ann ó thaobh cuntasacht institiúideach agus féinriail institiúideach;
- 2 Maoiniúchán a sholáthar** do na hinstitiúidí ar mhodh trédhearcach, agus sármhaitheas, luach ar airgead agus tionchar uasta á spreagadh;
- 3 Forbairt a dhéanamh** ar chóras ard-oideachais na hÉireann de réir cuspóirí náisiúnta ó thaobh cúrsaí socháí agus eacnamaíochta de agus de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta;
- 4 Comhairle a thabhairt** don Aire agus don Roinn Oideachais agus Scileanna, agus an chomhairle sin bunaithe ar fhianaise dhaingean, chun feidhmíocht an chórais a fheabhsú tuilleadh, agus ról ceannais a ghlacadh go hidirnáisiúnta maidir le forbairt beartais i réimse an ard-oideachais agus an taighde.

# VII. TÉAMAÍ STRAITÉISEACHA ÚAO 2018-2022

Táthar tar éis ocht dtéama straitéiseacha a shaináithint don eagraíocht i leith na tréimhse 2018-2022. Tacaíonn na téamaí sin le cur i bhfeidhm an Chreat maidir le Feidhmíocht an Chórais Oideachais 2018-2020 ag na hinstiúidí. Ina theannta sin, léiríonn siad ionad ÚAO laistigh den chóras, mar shampla, a ról méadaitheach maidir le formhaoirseacht ar rialachas agus an tacaíocht chomhairleach a thugann sé don Roinn Oideachais agus Scileanna i ndáil le nithe a bhaineann le beartas.

## A. Rialachas Institiúideach, Ceannaireacht agus Sármhaitheas Oibríochtúil

Beidh caighdeán níos comhsheasmhaí ann maidir le rialachas agus bainistíocht institiúideach ar fud an chóras agus bainfear an staid sin amach trí acmhainneacht fheabhsaithe cheannaireachta agus trí chórais agus struchtúir bhainistíochta faisnéise. Oibreoidh ÚAO leis an earnáil chun feabhas a chur ar acmhainneacht cheannaireachta na n-institiúidí (lena n-áirítear acmhainneacht a gComhlachtaí Ceannais) chun dul i mbun a gcuid feidhmeanna rialachais i leith straitéis a leagan amach agus i leith cuntasachta. Ina theannta sin cinnteoidh sé go mbeidh na hinstiúidí cuntasach maidir le hardfheidhmíocht agus trédhearcacht airgeadais.

Déanfar na socruithe rialachais laistigh de na hinstiúidí, agus idir na hinstiúidí agus ÚAO, ar socruithe iad a feabhsaíodh le déanaí, a dhaingniú go hiomlán i rith na tréimhse 2018-2022. Feabhsóidh sé sin trédhearcacht agus muinín an phobail. Ina theannta sin, éascóidh sé féinriail rialáilte fheabhsaithe do na hinstiúidí, rud a chumhachtóidh dóibh feidhmiú ar bhealach níos inbhuanaithe. Déanfaidh ÚAO anailís ar an mbonn reachtach láithreach i leith chuibheas a ról maidir le formhaoirseacht ar rialachas san earnáil agus ar fheabhsuithe ar ceart iad a chur ar aghaidh chun na socruithe rialachais a fheabhsú agus tabharfaidh sé tuairisc don Roinn maidir leis na nithe sin.

Mar chuid den dea-chleachtas rialachais, cuirfidh ÚAO dlús le feabhsú cúrsaí comhionannais i rith na tréimhse sin, agus béim ar leith á leagan ar chomhionannas inscne.

## B. Maoiniúchán, Inbhuanaitheacht agus Feidhmíocht

Beidh gá le comhaontú maidir le múnla inbhuanaithe maoiniúcháin, agus le múnla den sórt sin a chur i bhfeidhm, agus tá gá níos mó ná riamh leis sin i bhfianaise na dtreochtaí déimeagrafacha atá ann. Léireofar an phunann iomlán de roghanna maoiniúcháin a bheidh ar fáil do na hinstiúidí. Mar fhorlíonadh air sin, beidh an múnla athbhreithnithe maidir le leithroinnt maoiniúcháin ann, mar aon le Creat nua na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le Feidhmíocht an Chórais Ard-Oideachais.

Beidh na saintréithe tábhachtacha seo a leanas ag baint leis an múnla leithroinnte maoiniúcháin amach anseo:

- » Féinriail institiúideach a aithint;
- » Tacú le hinbhuanaitheacht institiúideach;
- » Nuálaíocht a chur chun cinn;
- » Feidhmíocht institiúideach agus feidhmíocht an chórais a chur chun cinn chun cuspóirí an Rialtais agus cuspóirí ard-oideachais a bhaint amach;
- » Iomláine mar chóras leithroinnte neamhspleách daingean a choimeád ar bun.



Tacóidh Creat 2018-2020 maidir le Feidhmíocht an Chórais Ard-Oideachais le hailíniú gníomhaíochtaí institiúideacha le cuspóirí an bheartais náisiúnta. Soláthróidh sé bealach trína mbeidh institiúidí in ann a mbuanna a chur ar taispeáint trí thús áite a thabhairt do ghníomhaíochtaí i gcomhthéacs a láidreachtaí agus a n-acmhainneachtaí. Ina theannta sin, feidhmeoidh sé mar shásra ar tríd is féidir faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht institiúideach, is féidir dreasachtaí a thabhairt ina leith sin agus is féidir bearta ceartaitheacha a dhéanamh más gá sin. Tarlóidh an méid sin ar fad i gcomhthéacs timpeallacht athchóirithe ard-oideachais, lena n-áirítear Ollscoileanna Teicneolaíochta nua agus comhoibriú réigiúnach feabhsaithe.

Sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027, déantar socrú maidir le méadú suntasach ar an infheistíocht chaipitiúil san earnáil ard-oideachais sna deich mbliana atá romhainn. Beidh ról tábhachtach ag ÚAO i dtaca lena chinntiú go bhfaighfear an luach is fearr agus is féidir ón infheistíocht sin agus go ndéanfar tosaíochtaí i leith an mhaoiniúcháin a leagan amach de réir na guspóirí beartais don earnáil ina hiomláine.

## C. Fianaise, Beartas agus Pleanáil Straitéiseach

Beidh acmhainneacht bhailithe agus anailísithe sonraí ÚAO ann mar thaca dá ról mar mhol lárnach fianaise do chóras ard-oideachais na hÉireann. Baineann an fhianaise sin le réimsí éagsúla amhail an líon mac léinn atá rollaithe agus torthaí a bhaineann céimithe amach agus caighdeán na saoráidí fisiciúla. Bainfidh an eagraíocht úsáid as an bhfaisnéis sin chun comhairle dhaingean bheartais a thabhairt don Aire Oideachais agus Scileanna agus chun tacú leis an earnáil maidir lena forbairt agus, chomh maith leis sin, maidir le forbairt an tsoláthair i leith oideachas iarmheánscoile in Éirinn. Fónfaidh ÚAO mar shaineolaí straitéiseach ard-oideachais is tuisce a roghnaíonn geallsealbhóirí eile (e.g. Ranna eile Rialtais, maoinitheoirí taighde, gníomhaireachtaí fiontraíochta, comhlachtaí idirnáisiúnta).

Déanfaidh sé luach agus tionchar an ard-oideachais in Éirinn a chur in iúl do na geallsealbhóirí sin agus, chomh maith leis sin, don phobal i gcoitinne. Chomh maith le spriocanna náisiúnta, mar atá leagtha amach ag an Rialtas, a bhaint amach, gheofar léiriú air sin trí bhíthin cás-staidéar agus trí bhíthin ábhar cáilíochtúil eile ina dtabharfar míniú ar an tslí ina bhfuil difear á dhéanamh ag earnáil ard-oideachais na hÉireann, in Éirinn agus ar bhonn idirnáisiúnta. Ina theannta sin, leanfaidh ÚAO de shonraí cuí a chur ar fáil do thairseach Sonraí Oscailte an Rialtais agus, ar an dóigh sin, na sonraí a chur ar fáil ar bhealach chomh hinrochtana agus is féidir.

## D. Athrú Digiteach

Féadfaidh athrú digiteach sa réimse ard-oideachais in Éirinn athrú mór – chun feabhais – a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- » An tslí ina soláthraítear an t-oideachas e.g. trí roghanna ar líne agus raon bealaí solúbtha a chur ar fáil;
- » Na daoine a soláthraítear dóibh é: an líon mac léinn ard-oideachais, agus an líon mach léinn ó chúlrá nach bhfuil chomh traidisiúnta céanna, a mhéadú;
- » **Na nithe a mhúintear, trí rochtain a thabhairt ar fhorbairtí ceannródaíochta i ndisciplíní trí rochtain oscailte ar aschuir thaighde.**

Fágfaidh athrú den sórt sin go mbeidh tionchar níos mó ag an tseirbhís a chuireann an córas ar fáil in Éirinn (agus ar fud an domhain) agus go mbeidh an córas ar fáil ar bhonn níos cothroime.

Thar thréimhse an Phlean seo, tacóidh ÚAO le cur chuige náisiúnta i leith forbairt a dhéanamh ar earnáil atá athraithe go digiteach. Mar thoradh ar fhorbairt Creata le haghaidh Athrú Digiteach an Réimse Ard-Oideachais, déanfar an obair atá tosaithe ceana féin san earnáil a thabhairt le chéile agus a chur ar aghaidh, lena n-áirítear an

méid seo a leanas: easnaimh bhonneagair a shainaithint agus an gá le hinfheistíocht spriocdhírthe; deiseanna le haghaidh seirbhísí comhroinnte agus ardáin chomhroinnte chun an clár oibre digiteach a chur ar aghaidh ar bhonn náisiúnta (e.g. HEAnet, EduCampus); feabhas a chur ar fhoghlaim ar líne agus múnlaí measctha i dtaca le foghlaim de; conas úsáid níos fearr a bhaint as na sonraí atá againn faoi láthair d'fhonn rath na mac léinn a fheabhsú; conas rochtain oscailte ar ard-oideachas, agus ar fhoilseacháin taighde agus ar shonraí, a bhaint amach. Beidh rath na n-institiúidí, agus rath a gcuid ball foirne, mac léinn agus córas, amach anseo ag brath ar a n-acmhainneacht maidir le glacadh le hathrú digiteach. Leanfar d'acmhainneacht teicneolaíochta ÚAO a fheabhsú chun taca a chur ar fáil dá ról san athrú digiteach in earnáil ard-oideachais na hÉireann ina hiomláine.

## E. Cáilíocht agus Sármhaitheas Acadúil

Tiocfaidh feabhas ar ghníomhaíochtaí na n-institiúidí i rith na tréimhse 2018-2022 le cabhair a thabharfar trí thacaíocht ar leibhéal córais a gheofar ó thionscnaimh ÚAO. Gach tráth, is iad na cuspóirí a spreagfaidh na gníomhaíochtaí sa réimse seo eispéiris fheabhsaithe agus torthaí feabhsaithe do na mic léinn. Maidir le comhsheasmhacht ó thaobh chaighdeán na múinteoireachta, gheofar tacaíocht ina leith ón *bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama san Ardoideachas* agus ó chaidreamh láidir oibre ÚAO le QQI.

Déanfar tionchar an ard-oideachais ar an gcóras oideachais i gcoitinne a fhorbairt tuilleadh trí leanúint den obair ar an gclár oibre i leith athchóiriú aistrithe. Tá dul chun cinn déanta ag institiúidí maidir le leathnú na mbealaí iontrála ó mheánscoileanna agus leanfaidh ÚAO de thacaíocht a thabhairt dóibh maidir leis an gclár oibre tábhachtach seo le linn ré an Phlean seo. Ina theannta sin, oibreoidh sé le Solas chun feabhas a chur ar an gceangailteacht idir ard-oideachas agus breisoideachas agus oiliúint agus, ar an dóigh sin, méadú a dhéanamh ar chomhtháitheacht na timpeallachta oideachais iar-mheánscoile in Éirinn.

Tiocfaidh feabhas ar rátaí críochnaithe le cabhair ó straitéisí agus ó thacaíochtaí spriocdhírthe. Tiocfaidh feabhas ar leibhéal na hÉireann maidir le foghlaim ar feadh an tsaoil freisin de réir mar a thagann forbairt ar phróifíl mhic léinn ard-oideachais na hÉireann chun léiriú a thabhairt ar na riachtanais agus ar na deiseanna foghlama atá ag teacht chun cinn in Éirinn.

Trína chroídheontas, cabhróidh infheistíocht ÚAO le daingniú an taighde shármhaith ar fud an chórais, lena n-áirítear taighde sna hOllscoileanna Teicneolaíochta, rud a chumasóidh d'institiúidí dul san iomaíocht ar bhealach níos fearr in Éirinn agus thar lear. Mar shampla, cumasaíonn an croí-mhaoiniúchán sin d'institiúidí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- » Tionacht bhuan a thairiscint dá bpríomhthaighdeoirí;
- » An bonneagar tacaíochta taighde a chur ar fáil a bhfuil gá leis chun maoiniúchán iomaíoch deontais a áirithiú;
- » Tuilleadh ama a chur ar fáil don lucht acadúil chun taighde a dhéanamh i ngach disciplín.

Tiocfaidh forbairt ar fheidhmíocht taighde de réir na dtosaíochtaí náisiúnta eacnamaíochta agus sochaí agus i gcomhréir le *Nuálaíocht 2020* agus, chomh maith leis sin – ar leibhéal domhanda – i gcomhréir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Oibreoidh ÚAO ar son éiceachóras cothromaithe maoiniúcháin taighde ina ndéantar réimsí tosaíochta agus tacaíocht do gach disciplín ar leith agus do gach cineál taighde a chumasc go héifeachtach agus, ar an dóigh sin, á chinntiú go mbeidh Éire in ann leas a bhaint as deiseanna gan choinne sa todhchaí. Faoi choimirce ÚAO, gníomhóidh Comhairle Taighde na hÉireann mar phríomhchumasóir a thacóidh le taighde sna disciplíní go léir agus a mhaoineoidh taighde luathghairme neamhstiúrtha ón mbun aníos.





Déanfar gníomhaíochtaí idirnáisiúnúcháin a fhorbairt i gcomhréir le haidhmeanna na Straitéise Oideachais Idirnáisiúnta. Glacfaidh institiúidí cur chuige iomlánaíoch i leith an idirnáisiúnúcháin agus bainfear leas as mar straitéis maidir le feabhsú cáilíochta sna réimsí seo a leanas, *interalia*: eispéireas foghlama an mhic léinn san institiúid óstach, idirchultúrachas agus an curaclam, cineál na seirbhísí agus na tacaíochta a sholáthraítear, agus aitheantas do thorthaí foghlama. Comhlíonfar na huaillmhianta maidir le fás agus beidh 'tairbhí díreacha airgeadais' ann dá bharr sin. Cruthóidh sé seo naisc agus caidreamh freisin idir Éire agus cuid mhór comhpháirtithe ar leibhéal an duine aonair, ar leibhéal institiúide agus ar leibhéal náisiúnta. Tacóidh ÚAO leis na hInstitiúidí Ard-Oideachais maidir leis an idirnáisiúnú a dhaingniú ina gcuid pleananna straitéiseacha agus mar chuid dá bpríomhról – múineadh agus foghlaim, taighde agus rannpháirtíocht agus, chomh maith leis sin, trí thionscnaimh spriocdhírthe maoiniúcháin, níos mó deiseanna le haghaidh soghluaisteachta a sholáthar don fhoireann agus do mhic léinn.

## F. Comhionannas Rochtana

Déanfaidh na hInstitiúidí spriocanna an Phlean Náisiúnta um Chochothromas Teachta ar Oideachais 2015-2019 a bhaint amach agus rachaidh siad i gcomhairle le ÚAO agus leis an Roinn i ndáil le spriocanna uaimhianacha a leagan amach – agus a bhaint amach – amach anseo sa réimse seo. Tríd an méid sin a dhéanamh, déanfar comhionannas deiseanna a phríomhshruthú i ngníomhaíochtaí uile na hInstitiúidí Ard-Oideachais. Ina theannta sin, beidh conairí soiléire rochtana, aistrithe agus dul chun cinn ann, mar aon le modhanna solúbtha foghlama, chun tacú leis an gcuspóir a bhaineann le comhionannas rochtana. Oibreoidh ÚAO leis an Roinn agus leis na hInstitiúidí chun ceapadh beartais de chineál níos fadtéarmaí maidir le rochtain ar ard-oideachas in Éirinn a chur ar aghaidh.

## G. Scileanna agus Infhostaitheacht

In Éire 2040 – An Tionscadal, luaitear go bhfuil an tslí ina ndéantar scileanna agus tallann a chothú, a fhorbairt, a úsáid agus a choimeád lárnach d'uaillmhianta náisiúnta agus d'uaillmhianta réigiúnacha araon. I gcomhréir leis an méid sin, déanfaidh ÚAO, i ngach réigiún, tacaíocht a thabhairt do na hInstitiúidí chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais shainaitheanta i leith scileanna tríd an soláthar príomhshrutha agus trí thionscnaimh spriocdhírthe maidir le feabhsú scileanna (amhail Springboard+ agus printíseachtaí), rud as a leanfaidh infhostaitheacht chéimithe. Oibreoidh fostóirí go comhoibríoch le hInstitiúidí, mar shampla trí shocrúcháin oibre a chur ar fáil, trí cheapadh clár, trí fheabhsú scileanna a gcuid fostaithe láithreacha a éascú, agus trí scéimeanna taighde a bhaineann le fiontraíocht. Ina theannta sin, soláthróidh institiúidí timpeallacht fiontraíochta ina gcothaítear nuálaíocht.

Beidh na hInstitiúidí Ard-Oideachais freagrúil i leith riachtanais shóisialta agus eacnamaíochta. Méadófar agus leathnófar an caidreamh idir iad agus an lucht fiontraíochta ar fud na réigiún agus glacfaidh fostóirí páirt níos mó ná riamh i bhforbairt scileanna. Déanfar an caidreamh idir an réimse ard-oideachais agus an tsochaí sibhialta a neartú tuilleadh le cabhair ó CampusEngage agus trí chomhoibriú, ó thaobh cúrsaí taighde de, a chothú idir taighdeoirí agus earnáil na sochaí sibhialta.

## H. ÚAO mar Shár-Eagraíocht

Déanfaidh ÚAO an tslí ina bhfeidhmíonn sé a fheabhsú ar bhonn leanúnach chun uasmhéadú a dhéanamh ar a éifeachtacht mar eagraíocht seirbhíse poiblí. Tabharfaidh sé tacaíocht i leith acmhainneacht a Fheidhmeannachta agus acmhainneacht an Údaráis le gur féidir leo príomhról a bheith acu i bhforbairt réimse ard-oideachais na hÉireann. Oibreoidh sé chun baill foirne den scoth a choimeád in ÚAO agus a mhealladh chuige, á chinntiú go mbeidh meascán ceart scileanna agus inniúlachtaí ann agus deiseanna á gcur ar fáil le haghaidh taithí oibre fóna agus forbairt ghairmiúil leanúnach. Tabharfar tacaíocht do na daoine a oibríonn ann trí fheabhsú leanúnach teicneolaíochta, trí chumarsáid láidir go himhíonach agus go seachtrach, agus trí mhodhanna soiléire rannpháirtíochta agus cuntasachta lena mháthair-Roinn.

# VIII. CUMASÓIRÍ CRITICIÚLA LEATHANA

Imreoidh roinnt cumasóirí leathana tionchar ar dhul chun cinn na heagraíochta faoi na hocht dtéama straitéiseacha sin. Beidh ÚAO i dteagmháil leis na geallsealbhóirí iomchuí go léir chun tacú leis na forbairtí seo, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

## » **Maoiniúchán méadaithe do réimse an ard-oideachais**

I dTuarascáil Cassells, dar teideal *Infheistíocht san Uaillmhian Náisiúnta*: Straitéis maidir le Maoiniú an Ard-Oideachais, leagadh amach go soiléir an gá le leibhéal mhéadaithe infheistíochta san ard-oideachas agus an gá le foinsí éagsúla a bheith i gceist le haghaidh an mhaoiniúcháin sin. Sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027, tá sé curtha in iúl go ndéanfar méadú ar an infheistíocht chaipitiúil san earnáil sna deich mbliana atá romhainn.

## » **Creataí rialála feabhsaithe**

Le go mbeidh an córas in ann uasmhéadú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as a chuid acmhainní, beidh sé fíorthábhachtach dul chun cinn a dhéanamh i leith na nithe seo a leanas i rith ré Phlean 2018-2022:

- » Cead níos leithne a bheidh ag an lucht acmhainní daonna maidir le hearcaíocht etc.;
- » An creat iasachtaíochta do na hinstiúidí, go háirithe na hInstitiúidí Teicneolaíochta;
- » An creat corparáideach ar dá réir atá instiúidí in ann úsáid a bhaint as struchtúir chuideachta níos solúbtha.

Bheadh sé seo ag brath ar mheasúnacht chun a chinntiú go bhfuil acmhainneacht instiúideach ann sula ndéanfaí é a éascú.

## » **Dul Chun Cinn Teicneolaíochta**

Cé go ndealraíonn sé uaireanta go mbíonn an saol níos casta de bharr dul chun cinn sa réimse teicneolaíochta, is féidir le dul chun cinn den sórt sin forbairtí nár samhlaíodh roimhe sin iad a bheith indéanta a chumasú. I dtaca le réimse an ard-oideachais de, d'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige sin thar ré an Phlean seo i dtaobh cén t-oideachas a chuirtear ar fáil, conas a chuirtear ar fáil é agus cá háit a gcuirtear ar fáil é agus, go deimhin, cé a chuireann ar fáil é. Tá sé de chumas aige freisin athrú a dhéanamh ar phróisis bhainistíochta agus faisnéise i gcoitinne.

## » **Forbairt chothromaithe réigiúnach**

Tá fás réigiúnach atá cothromaithe agus inbhuanaithe ina sprioc náisiúnta ag roinnt Ranna Rialtais. Tá an t-ard-oideachas, in éineacht le soláthróirí eile oideachais agus oiliúna, ina ghné thábhachtach de neart aon réigiúin ar leith i dtaca le cúrsaí iomaíochta de. Rannchuideoidh cumas – agus infheictheacht – instiúidí maidir le tacú le feidhmíocht réigiúin lena rath amach anseo agus le rannpháirtíocht ag geallsealbhóirí, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta araon.

## » **Comhoibriú idir-rialtasach**

Tá ÚAO ina chuid de chóras poiblí an-nasctha, agus an-chasta uaireanta, ina gcuisítear Ranna agus gníomhaireachtaí atá bainteach le córas ard-oideachais na hÉireann. Beidh tionchar ar a rath ó thaobh an chomhoibríthe le gníomhaithe eile, go déthaobhach (amhail Solas; Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann; agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann) agus go hiltáobhach (mar shampla faoi choimirce na Comhairle Náisiúnta Scileanna nua), ar rath na n-institiúidí. Sampla amháin de sin is ea bailiú comhordaithe sonraí: is ceart go laghdóidh feabhsuithe trasrialtais an t-ualach instiúideach agus, ag an am céanna, is ceart go bhfeabhsóidh sé an bonn fianaise.

# IX. TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA



Faoi gach ceann ar leith de na hocht dtéama straitéiseacha (e.g. A) don tréimhse 2018-2022, tá tosaíochtaí straitéiseacha (e.g. A.1.) sainitheanta, agus tá príomhghníomhartha straitéiseacha (e.g. A.1.1.) agus Príomhthorthaí Feidhmíochta gaolmhara, agus amscála ina leith, leagtha amach sa tábla thíos. Tarraingítear aird ar thorthaí nua, nó ar phríomhthorthaí don tréimhse 2018-2022 freisin.

## A. Rialachas Institiúideach, Ceannaireacht agus Sármhaitheas Oibríochtúil

### A.1 Feabhas a chur ar acmhainneacht lucht ceannaireachta na nInstitiúidí Ard-Oideachais, lena n-áirítear a gComhlachtaí Ceannais, maidir le dul i mbun a ról rialachais institiúidigh i dtéarmaí straitéis a leagan amach agus cuntasachta agus le go mbeidh na Comhlachtaí Ceannais cuntasach i dtaca leis sin de.

PRÍOMHGHNÍOMHARTHA STRAITÉISEACHA	PRÍOMHTHORTHAÍ FEIDHMÍOCHTA	AMSCÁLA	TIONSCNA(I)MH S(H)UAITHEANTA
A.1.1 Formhaoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt creata bainistíochta agus acmhainneachta ceannaireachta agus ar fhorbairt cláir feabhsaithe scileanna don chóras, agus an dea-chleachtas a scaipeadh.	An líon ceannairí/bainisteoirí sinsearacha a ghabhann don chlár feabhsaithe scileanna.	2018/19	<b>Clár nua bainistíochta agus ceannaireachta</b>
	Líonra ionadaithe bainistíochta straitéisí Institiúidí Ard-Oideachais a bhunú	2018 – Cruinnithe dhá uair sa bhliain	<b>Líonra nua ionadaithe bainistíochta straitéisí bunaithe</b>
	Bainistíocht straitéiseach fheabhsaithe ag Institiúidí Ard-Oideachais, rud a thaispeántar i mbainistíocht comhaontuithe, buiséad	2022	
A.1.2 Oibriú le Comhlachtaí Ceannais chun tacaíocht a thabhairt maidir le tuiscint ar fhreagrachtaí agus chun a ról a neartú maidir le dúshlán a thabhairt i ndáil le feidhmíocht agus cuntasacht institiúideach.	Gach Cathaoirleach ar Chomhlacht Ceannais a bheith rannpháirteach.	2018	
	Cruinnithe rialta le Comhlachtaí Ceannais, nó le cathaoirligh Comhlachtaí Ceannais, maidir le torthaí comhaontuithe agus idirphlé straitéisigh	Dhá uair sa bhliain go dtí an bhliain 2022	
A.1.3 <b>Dea-chleachtas idirnáisiúnta a shainaitheint i ndáil le conarthaí foirne in institiúidí atá cosúil leis na nInstitiúidí Teicneolaíochta</b>	Tuiscint fheabhsaithe ar an gcineál conartha atá oiriúnach d'Institiúidí Teicneolaíochta/ d'Ollscoileanna Teicneolaíochta	2018	

## A.2 Rialachas institiúideach agus cuntasacht i leith maoiniúchán poiblí a neartú.

PRÍOMHGHNÍOMHARTHA STRAITÉISEACHA	PRÍOMHTHORTHAÍ FEIDHMÍOCHTA	AMSCÁLA	TIONSCNA(I)MH S(H)UAITHEANTA
A.2.1 Comhlíonadh Cód Rialachas nua don réimse Ard-Oideachais a chur ar bun agus faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíonadh sin	Cóid nua a chur i bhfeidhm agus léiriú air sin san áireamh i gceanglais ÚAO maidir le tuairisciú i leith rialachais	2018	<b>Cóid Rialachais i bhfeidhm</b>
A.2.2 Dea-chleachtas a fhorbairt de réir téamaí ar leith a bhaineann le rialachas trí athbhreithniú leanúnach bliantúil	Athbhreithnithe a dhéanamh agus moltaí a chur i bhfeidhm	Leanúnach	
A.2.3 Córas pionós a bhunú i leith neamhchomhlíonadh rialachais ag institiúidí, mar chéim dheiridh de lánfhorfheidhmiú an Chreata Rialachais don Chóras Ard-Oideachais	Córas pionós a bhunú	2018	
A.2.4 Aonad rialachais a fhorbairt agus próisis shoiléire ann maidir le hathbhreithnithe Institiúidí Ard-Oideachais agus maidir le nochtadh a áirithiú	Tús a chur le creat iomlán nua i ndáil le hathbhreithniú Institiúidí Ard-Oideachais	2018 (faoi réir reachtaíocht nua)	
A.2.5 Anailís a dhéanamh, agus tuairisc a thabhairt don Roinn Oideachais agus Scileanna, ar chuibheas an bhoinn reachtaigh láithrigh maidir le formhaoirseacht dhaingean ag ÚAO ar rialachas agus ar fheabhsuithe ar ceart iad a chur ar aghaidh chun na socruithe rialachais a fheabhsú	Anailís a chríochnú, agus tuairisc a thabhairt don Roinn Oideachais agus Scileanna, ar chuibheas an bhoinn reachtaigh láithrigh maidir le formhaoirseacht dhaingean ag ÚAO ar rialachas	2018/9	

### A.3 Feabhas a chur ar chomhionannas sa réimse ard-oideachais.

PRÍOMHGHNÍOMHARTHA STRAITÉISEACHA	PRÍOMHTHORTHAÍ FEIDHMÍOCHTA	AMSCÁLA	TIONSCNA(I)MH S(H)UAITHEANTA
A.3.1 Na moltaí ó (1) Tuarascáil an Ghrúpa Saineolaithe: Athbhreithniú Náisiúnta ÚAO ar Chomhionannas Inscne in Institiúidí Ard-Oideachais na hÉireann agus (2) an Tascfhórsa ar Chomhionannas Inscne a chur i bhfeidhm	Dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na moltaí atá leagtha amach do ÚAO sa tuarascáil	2018-leanúnach	
	ÚAO i gceannas ar chur i bhfeidhm an athbhreithnithe agus tacaíocht a fháil ó gheallsealbhóirí eile maidir leis na moltaí a chur ar aghaidh		
A.3.2 Tús a chur le hathbhreithniú ar bheartais na n-institiúidí maidir le comhionannas agus ar chur i bhfeidhm na mbeartas sin – Alt 36 d'Acht na nOllscoileanna agus Ailt 22 & 47 den Acht um Institiúidí Teicneolaíochta	Athbhreithniú ar chineálacha eile idirdhealaithe (e.g. cine, míchumas) sa réimse ard-oideachais a bheith déanta agus tuarascáil a bheith ullmhaithe ina leagtar amach gníomhartha sonraithe do na príomh-gheallsealbhóirí	2020	

## B. Maoiniúchán, Inbhuanaitheacht agus Feidhmíocht

### B.1 Maoiniúchán poiblí a leithroinnt do na hinstiúidí agus tacaíocht a thabhairt le haghaidh inbhuanaitheacht agus fhorbairt an chórais.

PRÍOMHGHNÍOMHARTHA STRAITÉISEACHA	PRÍOMHTHORTHAÍ FEIDHMÍOCHTA	AMSCÁLA	TIONSCNA(I)MH S(H)UAITHEANTA	
B.1.1 Maoiniúchán poiblí a leithroinnt trí mhúnla athchóirithe maidir le leithroinnt maoiniúcháin phoiblí agus córais nua bainistíochta agus costála a chur i bhfeidhm.	Múnla nua maidir le leithroinnt maoiniúcháin curtha i bhfeidhm.	2018-2022	<b>Múnla nua trédhearcach maoiniúcháin agus é curtha in iúl go forleathan</b>	
	Maoiniúchán feidhmíochta a bheith leithroinnte ar bhonn measúnaithe ar chomhaontuithe straitéiseacha institiúideacha le ÚAO – aiseolas soiléir tugtha d'instiúidí maidir le réimsí ina bhfuil gá le feabhsú	Ar bhonn bliantúil i rith na tréimhse 2018-2022		
	Comhchóras faisnéise bainistíochta a chur ar bun ar fud an chórais	2019	<b>Ardán nua comhroinnte maidir le faisnéis bhainistíochta</b>	
	Córas nua costála a chur ar bun	2019		
B.1.2 Tacú le córas atá aclaí, freagrúil agus cobhsaí ó thaobh cúrsaí airgeadais de	Tosaíochtaí maidir le maoiniúchán caipitiúil a bheith sainaitheanta agus cuntasacht iomlán curtha ar fáil i leith caiteachas caipitiúil Státchiste.	Leanúnach		
	Bonn méadaithe maoiniúcháin don chóras (maoiniúchán breise ón gCiste Náisiúnta Oiliúna, ón Stát, ó fhoinsí neamh-státchiste).	Leanúnach		
	Athrú ón gCiste Rialaithe Fostaíochta go dtí córas cuntasachta Acmhainní Daonna de chineál níos solúbtha atá bunaithe ar bhuiséid.	2020		
	An líon instiúidí a bhfuil easnaimh leanúnacha acu a laghdú ó 9 go 4.	2020		

## B.2 Feidhmíocht chórais a spreagadh tríd an gCreat maidir le Feidhmíocht Chórais 2018-2020 a chur i bhfeidhm.

PRÍOMHGHNÍOMHARTHA STRAITÉISEACHA	PRÍOMHTHORTHAÍ FEIDHMÍOCHTA	AMSCÁLA	TIONSCNA(I)MH S(H)UAITHEANTA
B.2.1 Comhaontuithe a chomhaontú le hInstitiúidí Ard-Oideachais	Comhaontuithe comhaontaithe a fhoilsiú	2018	<b>Acmhainneacht straitéiseach na nInstitiúidí Ard-Oideachais a fheabhsú</b>
B.2.2 Faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht institiúideach i gcomparáid le comhaontuithe, ar bhonn bliantúil agus ar bhonn faisnéise faoi rioscaí	Torthaí a fhoilsiú ar bhonn bliantúil.	Ar bhonn bliantúil	
B.2.3 Measúnuithe ar chomhaontuithe a úsáid chun aiseolas a thabhairt d'Institiúidí Ard-Oideachais agus dea-chleachtas a scaipeadh	Aiseolas a bheith curtha in iúl d'Institiúidí maidir le réimsí ina bhfuil gá le feabhsú. Fianaise ar fheabhsú a bheith sainaitheanta i measúnuithe ar chomhaontuithe ina dhiaidh sin	Ar bhonn bliantúil	

## B.3 Tallann agus nuálaíocht a neartú sna réigiúin trí athchumraíocht chórais agus trí athbhreithnithe téamacha.

PRÍOMHGHNÍOMHARTHA STRAITÉISEACHA	PRÍOMHTHORTHAÍ FEIDHMÍOCHTA	AMSCÁLA	TIONSCNA(I)MH S(H)UAITHEANTA
B.3.1 Tacú le próisis athchóirithe timpeallachta (i.e. cumasc Ollscoileanna Teicneolaíochta & cumasc institiúidí oideachais tosaigh múinteora) agus comhairle bheartais a thabhairt don Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le forbairt braislí réigiúnacha	Maoiniúchán a leithroinnt & tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn atá á dhéanamh (lena n-áirítear cumaisc a chur i gcrích & iarratais/ainmniúcháin i leith Ollscoileanna Teicneolaíochta; seasamh soiléir beartais agus spriocanna curtha ar bun maidir le gníomhaíocht bhraisle)	Ar bhonn bliantúil go dtí an bhliain 2020 ar a laghad	
B.3.2 Athbhreithnithe téamacha a chur i gcrích	Tuarascálacha a fhoilsiú, lena n-áirítear Oideachas Múinteora, Oideachas Ealaíon Cruthaitheach agus Innealtóireacht – rath atá bainte amach go dtí seo agus straitéisí maidir le tuilleadh forbartha a shainaitheint	Leanúnach	

## C. Fianaise, Beartas agus Pleanáil Straitéiseach

### C.1 Tacú le ról ÚAO mar an mol lárnach do chóras ard-oideachais na hÉireann trí chur lena chumas bailithe agus anailísithe sonraí.

PRÍOMHGHNÍOMHARTHA STRAITÉISEACHA	PRÍOMHTHORTHAÍ FEIDHMÍOCHTA	AMSCÁLA	TIONSCNA(I)MH S(H)UAITHEANTA
C.1.1 An Straitéis maidir le Bainistiú Sonraí & Eolais a sholáthar	Gníomhartha na straitéise a chur i bhfeidhm go hiomlán	2018	<b>Suirbhé ar Thorthaí Céimithe Nua Bunachar Sonraí Foirne nua</b>
C.1.2 Anailís a dhéanamh ar thorthaí céimithe Ard-Oideachais i dtéarmaí infhostaitheachta agus acmhainneacht tuillimh	Torthaí céimithe a fhoilsiú i dtéarmaí tuarastail, earnáil fostaíochta agus cinn scríbe fhadaimseartha	2018-leanúnach	
C.1.3 Feabhas a chur ar chomhoibriú idirghníomhaireachta chun tacú le formhaoirseacht ar ard-oideachas	Meabhráin Tuisceana i bhfeidhm, rud as a leanfaidh ailíniú feabhsaithe le próisis bailithe sonraí agus cinnteoireachta gníomhaireachtaí eile e.g. QQI, SFI agus Solas.	2018-leanúnach	
C.1.4 Athbhreithniú a dhéanamh ar dhea-chleachtas maidir le múnlaí measúnaithe tionchair	Athbhreithniú ar mhúnlaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann le múinteoireacht & foghlaim, le taighde agus le rannpháirtíocht. Moltaí a dhéanamh don Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le méadrachtaí agus múnla(i) cuí d'Éirinn.	2018-2020	<b>Forbairt déanta ar fhoilseachán nua i ndáil le Cás-Staidéir Tionchair</b>
C.1.5 Feabhas a chur ar an mbonn fianaise le haghaidh cinntí faoi infheistíocht chaipitiúil.	Suirbhé nua a dhéanamh ar spás Ard-Oideachais.	2018-2020	



**C.2 Tacú le dea-chleachtas agus le comhairle bheartais in Éirinn trí threochtaí i bhforbairt an ard-oideachais, ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn idirnáisiúnta, a réamhthuar.**

PRÍOMHGHNÍOMHARTHA STRAITÉISEACHA	PRÍOMHTHORTHAÍ FEIDHMÍOCHTA	AMSCÁLA	TIONSCNA(I)MH S(H)UAITHEANTA
C.2.1 Dul i dteagmháil, agus comhairle a ghlacadh, le geallsealbhóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le treochtaí atá ag teacht chun cinn agus maidir le gníomhartha atá ag teastáil ina leith sin	Fóiraim Gheallsealbhóra a bheidh seolta chun plé a dhéanamh faoi threochtaí atá ag teacht chun cinn agus faoin mbaint atá acu leis an ard-oideachas in Éirinn	Dhá uair sa bhliain go dtí an bhliain 2022	
C.2.2 Tacú leis an Roinn i ndáil le forbairt beartais agus déileáil leis an gcóras polaitíochta i gcoitinne	Tuarascálacha tráthúla ar anailísithe agus tuarascálacha tráthúla eolais a ullmhú	Leanúnach	

## D. Athrú Digiteach

**D.1 Creat maidir le hAthrú Digiteach sa réimse Ard-Oideachais a Fhorbairt agus a Chur i bhFeidhm.**

PRÍOMHGHNÍOMHARTHA STRAITÉISEACHA	PRÍOMHTHORTHAÍ FEIDHMÍOCHTA	AMSCÁLA	TIONSCNA(I)MH S(H)UAITHEANTA
D.1.1 Creat maidir le hathrú digiteach a fhorbairt don réimse ard-oideachais	Creat a bheith forbartha agus tús a bheith curtha leis	2019	<b>Creat nua maidir le hAthrú Digiteach don réimse Ard-Oideachais</b>
D1.2 Moltaí faoin gCreat maidir le hAthrú Digiteach don réimse Ard-Oideachais a chur i bhfeidhm	Moltaí faoin gCreat maidir le hAthrú Digiteach don réimse Ard-Oideachais a bheith curtha i bhfeidhm	2020-2022	

## E. Cáilíocht agus Sármhaitheas Acadúil

### E.1 Feabhas a chur ar eispéireas na mac léinn agus rannpháirtíocht i measc na mac léinn a chur chun cinn.

PRÍOMHGHNÍOMHARTHA STRAITÉISEACHA	PRÍOMHTHORTHAÍ FEIDHMÍOCHTA	AMSCÁLA	TIONSCNA(I)MH S(H)UAITHEANTA
E.1.1 Tacaíocht a thabhairt i leith chaighdeán na múinteoireachta agus na foghlama tríd an bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama a mhaoiniú agus trí fhorghaoirseacht a dhéanamh air	Moltaí de chuid athbhreithniú neamhspleách 2017 ar an bhFóram Náisiúnta a bheith curtha i bhfeidhm.	2018-2021	
	Athbhreithniú nua a bheith curtha i gcrích sa bhliain 2020.	2020	
E.1.2 Suirbhé na hÉireann ar Rannpháirtíocht Mac Léinn (ISSE) a úsáid agus a fheabhsú	Sonraí a bheith bailithe agus torthaí a bheith foilsithe. An rud is déanaí atá luaite a bheith tosaithe ar leibhéal institiúideach sa bhliain 2018.	Leanúnach	<b>Suirbhé nua ISSE maidir le Mic Léinn Iarchéime</b>
	100% de na hInstitiúidí Ard-Oideachais a bheith ag úsáid ISSE ina gcuid comhaontuithe	2018	
E.1.3 Oibriú le USI & QQI chun bainistíocht a dhéanamh ar an Tionscadal Náisiúnta maidir le Rannpháirtíocht Mac Léinn	Páirt a bheith glactha sa ghrúpa stiúrtha náisiúnta.	Leanúnach	
	Líon méadaithe mac léinn oilte chun páirt a ghlacadh i gComhairlí Acadúla.	2018	
	Suaitheantas Digiteach a bheith forbartha le haghaidh Rannpháirtíocht Mac Léinn.	2018	
	Líonra Náisiúnta Rannpháirtíochta Mac Léinn bunaithe.	2018	
E.1.4 Tacaíocht a thabhairt maidir le haistriú níos fearr ón dara leibhéal go dtí an t-ard-oideachas trí pháirt a ghlacadh sna Grúpaí Stiúrtha agus Taighde um Athchóiriú an Aistrithe.	Iontráil fochéimí níos leithne.	Leanúnach	
	Taighde a bheith foilsithe maidir le hathruithe i gcóras pointí na hArdeistiméireachta.	2018	
E.1.5 Measúnú a dhéanamh ar an gcur chuige institiúideach i leith múinteoireachta agus foghlama (mar atá comhaontaithe sna comhaontuithe), a mhéid a bhaineann leis an straitéis fhoriomlán institiúideach agus le dea-chleachtas, agus aiseolas a thabhairt do na hInstitiúidí Ard-Oideachais	Straitéisí Institiúidí Ard-Oideachais níos cuimsithí agus níos comhtháite a chruthú chun eispéireas na mac léinn a fheabhsú	2022	<b>Tuarascáil nua maidir le hidirphlé Náisiúnta Straitéiseach faoi Mhúinteoireacht agus Foghlaim</b>

## E.2 Forbairt straitéiseach chothromaithe an chórais taighde ard-oideachais a chur chun cinn.

PRÍOMHGHNÍOMHARTHA STRAITÉISEACHA	PRÍOMHTHORTHAÍ FEIDHMÍOCHTA	AMSCÁLA	TIONSCNA(I)MH S(H)UAITHEANTA
E.2.1 Gníomhartha a chur i gcrích ar ina leith atá ról ceannais tugtha do ÚAO i Nuálaíocht 2020 agus tacú le cur i bhfeidhm gníomhartha eile.	Cur chuige comhtháite maidir le cur i bhfeidhm an bheartais náisiúnta maidir le taighde trí rannpháirtíocht i gcruinnithe an Ghrúpa Ardleibhéil (HLG) de Nuálaíocht 2020 (I2020).	Leanúnach	
	<b>Ireland's open research activities are informed by EU best practice with oversight by the National Open Research Forum</b>	2018-leanúnach	
	Bunachar sonraí na nÍtimí Móra Trealaimh Taighde (LIRE) a bheith uasghrádaithe agus cothabháilte	2018-leanúnach	
	Fóram Comhairleach an Chreata Náisiúnta Dochtúireachta a bheith curtha ar bun agus tacaíocht a bheith á tabhairt don dea-chleachtas i leith oideachas dochtúireachta in Éirinn	2018	<b>Fóram Comhairleach nua an Chreata Náisiúnta Dochtúireachta</b>
E.2.2 Tacú le forbairt chórais taighde ard-oideachais dheachothromaithe, go háirithe forbairt daoine, bonneagair agus gach cineál taighde shármhaith i ngach uile dhisciplín.	Cuir chuige comhsheasmhach i leith chur i bhfeidhm an bheartais náisiúnta taighde trí rannpháirtíocht i gcruinnithe an Ghrúpa Taighde Ard-Oideachais (HERG)	Leanúnach	
	Comhairle a bheith glactha le geallsealbhóirí agus táscairí institiúideacha uile-chórais i leith acmhainneachta agus cumais a bheith comhaontaithe agus rianaithe, agus feabhas ina leith a bheith taifeadta.	2018-2022	
	Tacaíocht a bheith faighte ag Taighdeoirí Éireannacha ó Thoscaire Náisiúnta (ND) ÚAO an Fhórait Straitéisigh Eorpaigh um Bonneagair Taighde (ESFRI)	Leanúnach	
E.2.3 Measúnú a dhéanamh ar an gcur chuige institiúideach i leith taighde agus nuálaíochta (mar atá comhaontaithe sna comhaontuithe), a mhéid a bhaineann leis an straitéis fhoriomlán institiúideach agus le misean agus dea-chleachtas, agus aiseolas a thabhairt do na hInstitiúidí Ard-Oideachais	Straitéisí Institiúidí Ard-Oideachais níos cuimsithí agus níos comhtháite a chruthú chun feidhmíocht taighde agus nuálaíochta a fheabhsú	2022	<b>Tuarascáil nua faoi Idirphlé Straitéiseach, faoi Taighde Náisiúnta agus faoi Nuálaíocht</b>

**E.3 Tacú le hidirnáisiúnú an chórais ard-oideachais agus a chinntiú go nglacfaidh institiúidí cur chuige iomlánaíoch i leith idirnáisiúnú mar straitéis i leith feabhsú cáilíochta.**

PRÍOMHGHNÍOMHARTHA STRAITÉISEACHA	PRÍOMHTHORTHAÍ FEIDHMÍOCHTA	AMSCÁLA	TIONSCNA(I)MH S(H)UAITHEANTA
E.3.1 Tacú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta na hÉireann a chur ar aghaidh	Clár athbhreithnithe Scoláireachtaí Oideachais Idirnáisiúnta Rialtas na hÉireann curtha i bhfeidhm	Ar bhonn bliantúil go dtí an bhliain 2020	
	Clár Soghluaisteachta Foirne Acadúla curtha i bhfeidhm	Ar bhonn bliantúil go dtí an bhliain 2020	
	Cur chuige iomlánaíoch i leith idirnáisiúnúcháin glactha ag na hInstitiúidí Ard-Oideachais	2020	
E.3.2 Méadú a dhéanamh ar shoghluaisteacht mac léinn agus foirne trínár ról mar ghníomhaireacht i leith na gcomhchodanna ard-oideachais de chlár Erasmus+	Athbhreithniú ar thionchar Erasmus+ curtha i gcrích	2018	
	Rannpháirtíocht mhéadaithe in E+ ag mic léinn agus ag baill foirne	2020	
	Rannpháirtíocht ghníomhach ag gníomhaireachtaí náisiúnta i ngrúpaí oibre idirnáisiúnta E+	Leanúnach	
E.3.3 Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí Breatimeachta agus feidmiú thar ceann pheirspictíocht an Ard-Oideachais	Leasanna an Ard-Oideachais a bheith curtha chun cinn le linn chaibidlíochtaí Breatimeachta, deiseanna féideartha a bheith saothraithe, agus rioscaí don Ard-Oideachas a bheith íoslaghdaithe.	Leanúnach	
	An caidreamh leis an Ríocht Aontaithe, agus le tíortha na hEorpa, a bheith coimeáda ar bun.	Leanúnach	
E.3.4 Measúnú a dhéanamh ar an gcur chuige institiúideach i leith idirnáisiúnú (mar atá comhaontaithe sna comhaontuithe), a mhéid a bhaineann leis an straitéis fhoriomlán institiúideach agus le misean agus dea-chleachtas, agus aiseolas a thabhairt do na hInstitiúidí Ard-Oideachais	Straitéisí Institiúidí Ard-Oideachais níos cuimsithí agus níos comhtháite a chruthú chun idirnáisiúnú a fheabhsú	2022	<b>Tuarascáil nua faoi Idirphlé Straitéiseach faoi Idirnáisiúnú Náisiúnta</b>

## F. Comhionannas Rochtana

### F.1 A chinntiú go léiríonn éagsúlacht dhaonra na mac léinn ard-oideachais éagsúlacht an daonra náisiúnta trí cheannaireacht a ghlacadh ar chur i bhfeidhm an Plean Náisiúnta um Chothromas Teachta.

PRÍOMHGHNÍOMHARTHA STRAITÉISEACHA	PRÍOMHTHORTHAÍ FEIDHMÍOCHTA	AMSCÁLA	TIONSCNA(I)MH S(H)UAITHEANTA
F.1.1 An Plean Náisiúnta um Chothromas Teachta a chur i bhfeidhm go rathúil	An Plean Náisiúnta um Chothromas Teachta 2015-2019 a bheith curtha i gcrích 2018-2019	2018-2019	<b>Plean Náisiúnta nua maidir le Rochtain a bheith forbartha</b>
	I gcás spriocanna a bheith bainte amach faoi chéim na tuarascála eatramhaigh, d'fhéadfadh sé go n-uasdátófar iad i gcomhar leis an nGrúpa Forfheidhmiúcháin NAP	2021	
	Plean Náisiúnta nua maidir le Rochtain 2020-2025, agus comhchodanna tosaigh, a bheith forbartha agus curtha i bhfeidhm	2019-2022	

### F.2 Bainistiú a dhéanamh ar chláir mhaoiniúcháin agus rochtain a fháil orthu.

PRÍOMHGHNÍOMHARTHA STRAITÉISEACHA	PRÍOMHTHORTHAÍ FEIDHMÍOCHTA	AMSCÁLA	TIONSCNA(I)MH S(H)UAITHEANTA
F.2.1 Bainistiúocht a dhéanamh ar Chlár maidir le Rochtain ar Ard-Oideachas (PATH)	Cistí PATH a sholáthraíonn breismhaoiniú maidir le comhionannas rochtana, rannpháirtíocht agus críochnú.	2018-2020	<b>Maoiniúchán nua PATH faoi Shraitheanna 1, 2 &amp; 3</b>
F.2.2 Bainistiúocht a dhéanamh ar chláir mhaoiniúcháin i leith rochtain ar Thrú Leibhéal	Moltaí a éiríonn as athbhreithniú ar an gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn a bheith curtha i bhfeidhm.	2018	
	Moltaí a éiríonn as athbhreithniú ar an gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas (FSD) a bheith curtha i bhfeidhm.	2018-2019	

## G. Scileanna, Infhostaitheacht agus Rannpháirtíocht

### G.1 Tacú le freagrúlacht na hearnála ard-oideachais i leith na riachtanas atá ag an bhfórsa saothair i dtaca le scileanna de.

PRÍOMHGHNÍOMHARTHA STRAITÉISEACHA	PRÍOMHTHORTHAÍ FEIDHMÍOCHTA	AMSCÁLA	TIONSCNA(I)MH S(H)UAITHEANTA	
G.1.1	An chéad suirbhé eile i measc fostóirí a dhéanamh	An tríú ceann de na suirbhéanna náisiúnta fostóirí a bheith déanta	Meántéarmach	
G.1.2	Tús a chur le tionscnaimh scileanna spriocdhírthe	Babhta nua de Springboard+ a thionscnamh agus soláthar méadaithe a bheith ann dóibh siúd atá i bhfostaíocht	2018	<b>Springboard+ 2018</b>
		Méadú ar rollú i leith phrintíseachtaí Ard-Oideachais trí chaidreamh le hinstiúidí agus trí rannpháirtíocht sa Chomhairle Náisiúnta Printíseachtaí	2020	<b>Grúpa nua Printíseachtaí Ard-Oideachais</b>
		Forbairt ar Phlean nua Gníomhaíochta Scileanna DES ICT, le tacaíocht ó ÚAO	2018	<b>Plean nua Gníomhaíochta Scileanna ICT</b>
G.1.3	Úsáid fheabhsaithe a spreagadh i leith Ráitis Infhostaitheachta Institiúideacha	Athbhreithniú ar ghníomhaíocht reatha a bheith críochnaithe.	2019	
		Treoirlínte a bheith forbartha le haghaidh Institiúidí Ard-Oideachais ar leibhéal disciplíne/scoile/roinne.		
		Úsáid a bheith bainte as Idirphlé Straitéiseach chun ráitis a rianú.		

**G.2 Tacú le teagmháil leis an réimse fiontraíochta agus, chomh maith leis sin, teagmháil de chineál cathartha agus pobail.**

PRÍOMHGHNÍOMHARTHA STRAITÉISEACHA	PRÍOMHTHORTHAÍ FEIDHMÍOCHTA	AMSCÁLA	TIONSCNA(I)MH S(H)UAITHEANTA
G.2.1 Rannpháirtíocht ghníomhach straitéiseach dhéthaobhach le gníomhaireachtaí & le comhlachtaí ionadaitheacha iomchuí	Riachtanais an lucht fiontraíochta curtha san áireamh i dtionscnaimh iomchuí.	Leanúnach	
G.2.2 Ionadaíocht dhá bhealach ÚAO le comhlachtaí fiontraíochta	Rannpháirtíocht ÚAO sa Chomhairle Náisiúnta Scileanna. Ionadaithe fiontraíochta ar an Údarás.	Leanúnach	
G.2.3 Comhaltas ar Ghrúpa Stiúrtha <i>CampusEngage</i>	Táscairí forbartha chun faireachán a dhéanamh ar rannpháirtíocht phobail agus chathartha.	2018	
G.2.4 Measúnú a dhéanamh ar an gcur chuige institiúideach i leith rannpháirtíochta (mar atá comhaontaithe sna comhaontuithe), a mhéid a bhaineann leis an straitéis fhoriomlán institiúideach agus le misean agus dea-chleachtas, agus aiseolas a thabhairt do na hInstitiúidí Ard-Oideachais	Straitéisí Institiúidí Ard-Oideachais níos cuimsithí agus níos comhtháite a chruthú chun rannpháirtíocht a fheabhsú	2022	<b>Tuarascáil nua faoi Idirphlé Straitéiseach faoi Rannpháirtíocht Náisiúnta</b>

## H. ÚAO mar Shár-Eagraíocht

### H.1 Cur le hacmhainneacht inmheánach ÚAO chun a chumasú do bhaill agus d'fhoireann na heagraíochta uasmhéadú a dhéanamh ar a ról maidir le forbairt na hearnála ard-oideachais.

PRÍOMHGHNÍOMHARTHA STRAITÉISEACHA	PRÍOMHTHORTHAÍ FEIDHMÍOCHTA	AMSCÁLA	TIONSCNA(I)MH S(H)UAITHEANTA
H.1.1 Straitéis Acmhainní Daonna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus na gníomhaíochtaí Acmhainní Daonna a bheith ailínithe le cuspóirí foriomlána na heagraíochta	Straitéis Acmhainní Daonna forbartha	Ráithe 1 2018 Athbhreithniú i Ráithe 1 2020	
H.1.2 An leas is fearr a bhaint as foireann na heagraíochta agus eolas agus scileanna a chur ar fáil don fhoireann le go mbeidh siad in ann déileáil le riachtanais agus deiseanna a thagann chun cinn	Poist cheadaithe agus poist fholmha líonta agus baill foirne nua ionductaithe. Aontóidh na baill foirne cuspóirí oibre agus forbartha ar bhonn bliantúil. Áireoidh sé sin deiseanna chun páirt a ghlacadh i meithleacha trasfheidhme.	2018 agus uaidh sin ar aghaidh	
H.1.3 Oibreoidh ÚAO de réir na gcaighdeán is airde maidir le Rialachas Corparáideach	Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit curtha i bhfeidhm go hiomlán.	2018	
	Athbhreithniú ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha.	ar bhonn bliantúil	
	Tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais iniúchta a bheith foilsithe.	ar bhonn bliantúil	
	Comhlíontacht maidir le GDPR (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).	2018 agus uaidh sin amach	
H.1.4 Beidh an Bord ag oibriú de réir na gcaighdeán is airde maidir le rialachas	Féinmheasúnú Boird		
	Measúnú seachtrach Boird		



## H.2 Taca a chur ar fáil d'oibríochtaí na heagraíochta agus feabhas a chur ar an gcomhéadan seachtrach trí fheabhsú leanúnach a cumas teicneolaíochta agus cumarsáide.

PRÍOMHGHNÍOMHARTHA STRAITÉISEACHA	PRÍOMHTHORTHAÍ FEIDHMÍOCHTA	AMSCÁLA	TIONSCNA(I)MH S(H)UAITHEANTA
H.2.1 Feabhas a chur ar sheirbhísí Theicneolaíocht Faisnéise (TF) in ÚAO	I Straitéis TF 2018-2022, gníomhaíochtaí TF ÚAO a bheith ailínithe le cuspóirí straitéiseacha foriomlána na heagraíochta	2018	
	Leas iomlán á bhaint ag ÚAO as MS Sharepoint agus ag oibriú mar oifig gan pháipéar	2021	
H.2.2 Feabhas a chur ar chumarsáid ÚAO	Straitéis chumarsáide forbartha don tréimhse 2018-2022	2018	
	An láithreán gréasáin agus na meáin shóisialta á n-úsáid go héifeachtach ag ÚAO	2018-leanúnach	

# X. FAIREACHÁN A DHÉANAMH AR CHUR I BHFEIDHM NA STRAITÉISE

Beidh cur i bhfeidhm Phlean Straitéiseach ÚAO 2018-2022 á stiúradh ag Feidhmeannacht ÚAO agus déanfaidh an tÚdarás formhaoirseacht air sin. Beidh tacaíocht ina leith sin ar fáil mar a leanas:

- » Cláir oibre bhliantúla a chur i gcrích chun Príomhghníomhartha Straitéiseacha an Phlean a chur i bhfeidhm;
- » Tuairisciú don Údarás faoi dhó sa bhliain maidir leis na gníomhartha sin;
- » Comhaontuithe leibhéal seirbhíse bliantúla leis an Roinn Oideachais agus Scileanna;
- » Cruinnithe ráithiúla leis an Roinn chun dul chun cinn a phlé;
- » Athbhreithniú eatramhach ar an bPlean sa bhliain 2020.





## Contact Us

3 Shelbourne Buildings, Crampton Avenue  
Shelbourne Road, Ballsbridge, Dublin 4  
D04 C2Y6, Ireland

Email: [info@hea.ie](mailto:info@hea.ie)

Phone: +353 1 231 7100

Lo-Call Number: 1890 200 637

Fax: +353 1 231 7172